Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2023**
**(OR. en, pl)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0223(COD)**

**11793/23**
**ADD 1**

**CODEC 1358**
**TRANS 309**
**CLIMA 352**
**ECOFIN 769**
**AVIATION 137**
**MAR 97**
**ENV 844**
**ENER 443**
**IND 388**
**COMPET 757**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

## Ráiteas ón Laitvia

Tacaíonn an Laitvia go hiomlán le haidhm an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE chun líonra athluchtaithe agus athbhreoslaithe uile-Aontais a fhorbairt. Is garsprioc thábhachtach é an togra seo i dtreo dícharbónú earnáil an iompair agus aeráidneodracht a bhaint amach. Mar sin féin, tá imní ar an Laitvia faoi dhá ghné thábhachtacha den togra — spriocanna idirmheánacha agus aschuir chumhachta riachtanacha — agus tá an-amhras ar an Laitvia faoi indéantacht na spriocanna a bhaint amach ar bhealach atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

Maidir leis na haschuir chumhachta is gá, go háirithe le haghaidh comhthiomsuithe luchtaithe d'fheithiclí tromshaothair, ní mór an líonra dáileacháin leictreachais náisiúnta a neartú le haghaidh líonraí linnte luchtaithe den sórt sin. Faoi láthair sa Laitvia, tá easpa acmhainneachta ag an líonra ar fud fhormhór na limistéar ar gach leibhéal voltais. Dá réir sin, tá sé sin idirnasctha go díreach leis an bhféidearthacht cloí leis na spriocdhátaí atá leagtha amach le haghaidh spriocanna idirmheánacha. Ós rud é nach bhféadfar tógáil na gcomhthiomsuithe luchtaithe a áirithiú ach amháin má dhéantar an eangach a neartú, tá na spriocanna idirmheánacha atá beartaithe ró-uaillmhianach.

Dá bhrí sin, cé go dtacaíonn sí fós le haidhmeanna foriomlána an togra agus lena rannchuidiú uaillmhian leis an gComhaontú Glas don Eoraip maidir le truailliú nialasach, staonann an Laitvia ón vóta ar an togra.

**<u>Ráiteas ón bPolainn</u>**

Ní thacaíonn Poblacht na Polainne leis an togra deireanach le haghaidh Rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla (AFIR), mar atá dréachtaithe ag na cruinnithe tríthaobhacha.

Maidir leis na spriocanna uaillmhianacha maidir le hamscálaí, acmhainneacht, cumhdach céatadáin ghréasán TEN-T agus achair idir comhthiomsuithe athluchtaithe, mar a leagtar amach iad sa chur chuige ginearálta a glacadh an 2 Meitheamh 2022, is dúshlán iad — ní hamháin dé réir Phoblacht na Polainne, ach ó thíortha eile freisin — ar chomhaontaigh muid ina leith de mheon an chomhréitigh.

Chun ceanglais thionscadal AFIR a chomhlíonadh, go háirithe maidir le bonneagar athluchtaithe le haghaidh iompar tromshaothair de bhóthar, is gá infheistíocht agus eisíocaíocht airgeadais ollmhór chun an líonra leictreachais a fhorbairt, go háirithe an gréasán dáileacháin agus i gcásanna áirithe an gréasán tarchurtha freisin.

Fiú amháin nuair a thagann méadú beag ar leibhéal na huaillmhéine le haghaidh bonneagar athluchtaithe feithiclí, bíonn costais atá díréireach ard i gceist agus bíonn ar thíortha mar shampla Poblacht na Polainne iad a íoc sa ghearrthéarma. Bheadh na céadta ciliméadar de bhóithre ann ar a mbeadh bonneagar athluchtaithe a thógáil orthu agus an clúdach céatadáin ghréasán TEN-T le bonneagar athluchtaithe a mhéadú faoi 10 % faoi 2027 i gcás tíortha a bhfuil críocha móra acu.

Le Rialachán AFIR, ba cheart go gcuirfí líonra íosta bunúsach de stáisiúin athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha feadh chonairí TEN-T ar fáil, agus go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar a n-acmhainneacht agus ar a líon a bheidh le rialú ag an margadh. Tá srathú ioncaim fós ann ar fud thíortha an Aontais, agus tá an tsoghluaisteacht leictreonach ag forbairt níos moille i dtíortha nach bhfuil chomh saibhir céanna le tíortha ina bhfuil OTI per capita os cionn mheán an Aontais. Níl aon údar le spriocanna coiteanna a leagan síos do chríoch iomlán an Aontais atá os cionn spriocanna comhaontaithe ag an gComhairle. Chomh maith leis sin, tá solúbthacht tábhachtach do thíortha is tairbhithe an Ciste Comhtháthaithe, áit a dtógfar bonneagar atá i gcomhréir le TEN-T ar feadh blianta fada amach romhainn, chun costais bháite nach bhfuil gá leo a sheachaint.

Athdhearbhaíonn an Pholainn a seasamh diúltach maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ina iomláine, ina leagtar amach spriocanna agus uaillmhianta neamhréadúla agus a bhfuil tionchar suntasach aige ar mheascán fuinnimh na mBallstát. Tá an Pholainn den tuairim go bhfuiltear ag déileáil leis an gcuid is mó den phacáiste ar bhunús dlí mícheart, rud a chruthaíonn fasach contúirteach.